(d) I gcás Aicme B, C, D, sa teagasc foirmiúil maidine, ní cóir níos mó ná uair a' chloig a leagan amach do cheacht ná do léacht ar bith.

(e) Is san iarnóin nó san oíche a mhúinfear buíonchantaireacht agus Ceol. Is féidir feidhm a bhaint as sciar cuí den am teagaisc fhoirmiúil chun focail agus foinn na n-amhrán a theagasc do gach rang faoi seach. **Ní cheadófar ceacht ceoil/cantaireachta mar chuid den teagasc foirmiúil maidine.**

(f) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna agus Oíche:</u>

I gcás Aicme A, ba chóir do na gníomhaíochtaí foghlama a bheith de réir na dtreoirlínte a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta, i gcomhairle le soláthróirí OTM, ar fáil ó am go chéile.

Meastar an oiread tábhachta a bheith ag baint leis an gcuid seo den chúrsa is a bhaineann leis an teagasc fhoirmiúil ar maidin. Beidh sé de dhualgas ar an bPríomhoide i gcomhar leis na hoidí agus na hardchinnirí (más ann dóibh) sraith d'imeachtaí oiriúnacha a leagan amach, an foclóir agus na cainteanna a bhaineann leo a mhúineadh, iad a eagrú i gceart agus iad a stiúradh d'fhonn deis a thabhairt do na daltaí an Ghaeilge a chleachtadh go nádúrtha lasmuigh den rang.

(i) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna</u>

I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá:

- Amhránaíocht;
- Ullmhúchán do chlaisceadal, do scoraíochtaí agus do chéilithe;
- Ceol uirlise;
- Tionscnaimh;
- Ealaín agus Ceardaíocht;
- Siúlóidí agus Turais, ach cuspóir cinnte a bheith leo;
- Cluichí (istigh agus amuigh);
- Lúthchleasaíocht;
- Seilgí;
- Tráth na gCeist;

agus,

- Fiche Ceist.

(ii) Imeachtaí Eagraithe Oíche

I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá:

- Ceithre chéilí ar a laghad a reáchtáil ar oícheanta i rith na seachtaine;
- Claisceadal;
- Miondrámaí;
- Scoraíochtaí agus araile.

(g) ~~Má chuirtear~~ Sa chás gur gá ranganna nó imeachtaí eagraithe a chur ar ceal ar chúis ar bith (m.sh. turas), ~~caithfear scéala a chur chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Galetachta ina thaobh láithreach bonn.~~ ba chóir na socruithe cuí a dhéanamh chun na huaireanta teagmhála sin a chúiteamh leis na mic léinn. Ba chóir na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na socruithe nua, institiúidí ardoideachais, an Chigireacht, san áireamh.

(h) Ceadófar turas nó dhó le linn cúrsa ag brath ar an aimsir má fhógraítear a leithéid roimh ré mar chuid den chúrsa agus go mbíonn raon imeachtaí eagraithe mar chuid de.

9. Foirmeacha Oifigiúla

Ní mór eolas cruinn iomlán i dtaobh an chúrsa a chur chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar na foirmeacha thíosluaite. Is gá go gcuirfear foirm iarratais chomhlánaithe chun na Roinne mí ar a laghad roimh thosach an chúrsa.

(i) Foirm iarratais C.G. (a);
Sa chás nach bhfuil an fhoirm iarratais líonta i gceart, cuirfear ar ais í i gcomhair a leasaithe. Ní mór a dhearbhú go bhfuil *Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí* á gcomhlíonadh.

(ii) Clár oibre an chúrsa C.G. (b);
Sa chás nach bhfuil clár oibre an chúrsa sách iomlán, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

(iii) An fhoireann teagaisc C.G. (c);
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fáil maidir leis an bhfoireann teagaisc, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

Sa chás go bhfuil oide á fhostú nach raibh cláraithe ar liosta na n-oidí a cuireadh chun na Roinne i dtús báire, ní mór scéal dá réir, maraon le sonraí an oide sin a chur chun na Roinne roimh thosach an chúrsa. (e-phost: colaistigaeilge@ahg.gov.ie)

Sa chás go mbeidh aon athrú ar an bhfoireann le linn cúrsa, ní mór scéal dá réir a chur ***i scríbhinn*** chun na Roinne láithreach. (e-phost: colaistigaeilge@ahg.gov.ie)

(iv) Eagrú na Ranganna C.G. (d);
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fáil, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

(v) Clár Ama C.G. (e);
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fail, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe. Má dhéantar aon athrú ba chóir sonraí cuí a chur i scríbhinn chun na Roinne láithreach bonn.

10. <u>Cáilíochtaí na n-Oidí</u>

(a) Ní mór an tAire ~~Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta~~ Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus, maidir le cúrsaí a chuirtear ar fáil faoi Aicme A, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus na hinstitiúidí ardoideachais a shásamh maidir le cáilíochtaí na n-oidí atá le bheith i mbun an chúrsa. Chuige sin, ní mór ardchumas a bheith acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (.i. Gaeilge líofa), taithí mhaith a bheith acu ar mhúineadh na Gaeilge agus dea-theist a bheith orthu mar mhúinteoirí. I gcás Aicme A, caithfidh ceann de na cáilíochtaí (i) - (iv) thíos a bheith ag gach oide:-

(i) Oiliúint mar **oide bunscoile agus tréimhse phromhaidh shásúil** a bheith bainte amach;

(ii) **An Teastas i dTeagasc na Gaeilge** (T.T.G.)
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach

(iii) Céim ollscoile **le Gaeilge** mar cheann de na príomhábhair
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach,

(iv) **Láncháilíocht mar oide** agus ardchumas sa Ghaeilge i.e. Gaeilge líofa.
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach

Ní mór feasta Uimhir Thuarastail an oide a thabhairt ar Fhoirm C.G.(c). Sa cholún *"Cáilíochtaí i nGaeilge"* ar an bhfoirm chéanna is é atá á lorg ná uimhir na míre sna Rialacha seo faoina bhfuil an t-oide cáilithe mar mhúinteoir i gColáiste Samhraidh (mar shampla, "**Mír 10(a)(iv)**").

(b) An té a bheadh le ceapadh mar oide do chúrsa Aicme A, ba chóir go mbeadh ardcháilíocht i nGaeilge agus ardchumas i labhairt agus i scríobh na teanga aige/aici. Is inmhianaithe é go mbeadh taithí aige/aici mar mhúinteoir bunscoile agus/nó eolas oibre maith aige/aici ar Churaclam Bunscoile na Gaeilge

(c) Ní miste aitheantas coinníollach mar oide i gColáiste Gaeilge a cheadú do scoláire a chaith tréimhse shásúil mar ardchinnire agus a bhfuil an scrúdú don chéim B Ed déanta aige/aici ach nach bhfuil toradh an scrúdaithe sin ar fáil go fóill. Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta gach cás a mheas ann féin.

(d) Ní thabharfar aitheantas do shaothar oide nach bhfuil cáilithe.

11. Ardchinnirí

(a) Glacfar le hoidí nó le daoine nach oidí iad ach a bhfuil Gaeilge an-mhaith acu mar ardchinnirí faoi stiúradh an Príomhoide i mbun imeachtaí iarnóna agus oíche. Ceadófar ar a mhéad ardchinnire amháin do gach cúigear scoláirí is fiche.

(b) Cáilíochtaí: Beidh na hardchinnirí os cionn l8 bliain d'aois ar 1 Iúl bliain an chúrsa nó beidh siad os cionn 17 bliain d'aois agus scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin dáta céanna. Cainteoirí líofa Gaeilge a bheidh iontu nó beidh tréimhsí caite acu mar dhaltaí i gColáiste Gaeilge. Beidh tuiscint acu do dhaoine óga. Beidh cumas iontu chun comhoibriú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann teagaisc chun imeachtaí oiriúnacha a eagrú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine óga. Tá sé inmhianaithe go mbeadh saineolas acu ar ghnéithe áirithe de chaitheamh aimsire na ndaltaí, mar shampla ceol, rincí, cluichí, snámh agus araile.

(c) Dualgais: Cuirfear cúraimí orthu a bhaineann le forbairt Ghaeilge na ndaltaí in imeachtaí lasmuigh den rang. (Féach Riail 8(f)).

(d) Ba chóir sonraí faoi na hArdchinnirí a thabhairt ar rolla ar leith.

(e) Moltar go mbeidh Ardchinnire amháin in aghaidh gach 25 mac léinn a bhíonn ar rollaí an choláiste.

(f) Ba chóir eolas iomlán i leith ardchinnirí a chur ar fáil maraon leis an bhfoirm iarratais.

(g) **Cuntóirí Áitiúla**
Is gnó do na Coláistí féin é, cúntóirí a cheapadh i.e. daoine áitiúla faoi bhun 17 bliain d'aois chun cabhrú le forbairt na hoibre. Glacfar le Cúntóirí Áitiúla faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge atá os cionn 15 bliain d'aois, nó a bhfuil an Teastas Sóisearach comhlánaithe acu agus an Roinn sásta gurb í an Ghaeilge a ghnáth theanga baile. Cúntóir amháin in aghaidh gach 20 mac léinn a bheidh i gceist. Ní bheidh aon tionchar ag an socrú seo ar na hArdchinnirí atá inghlactha cheana faoin scéim. Moltar do choláistí ceangal láidir a fhorbairt idir óige na Gaeltachta agus na Foghlaimeoirí le linn cúrsaí agus ina dhiaidh sin.

12 An Príomhoide

Ní mór príomhoide cáilithe a ainmniú do gach cúrsa. Sa chás nach bhfuil príomhoide cáilithe i mbun cúrsa, ní thabharfar aon aitheantas don chúrsa san.

(a) Cáilíochtaí

(i) Oide lán-cháilithe [Féach Alt 10] agus ardchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge aige/aici. Caithfidh sé/sí an promhadh a bheith aige/aici, agus is inmhianaithe é go mbeadh taithí cúig bliana múinteoireachta aige/aici in earnáil an bhunoideachais. Ba chóir go mbeadh, ar a laghad, an-chur amach aige/aici ar Churaclam Bunscoile na Gaeilge.

(ii) Taithí mhaith aige/aici ar an obair i gcoitinne i gColáistí Gaeilge agus teist an-mhaith air/uirthi mar oide iontu;

(iv) Cumas maith riaracháin ann/inti;

(iv) Bheith in ann comhoibriú go maith le lucht údaráis, oidí, tuismitheoirí, mná tí agus leis an bpobal i gcoitinne.

(b) **Dualgais an Phríomhoide**:

(i) Imeachtaí an chúrsa ina iomláine a eagrú;

(ii) Na ranganna a eagrú i gcomhar leis na hoidí eile;

(iii) Clár oibre ginearálta an chúrsa a leagan amach ar an bhfoirm chuí;

(iv) A chinntiú go bhfuil scéim oibre do gach rang ar leith a thagann le plean ginearálta an chúrsa ullmhaithe ag gach oide maille le hullmhúchán gearrthréimhseach oiriúnach;

(v) Maoirseacht chóir a dhéanamh ar obair na n-oidí agus cabhair agus treoir a thabhairt i gcúrsaí teagaisc;

(vi) Féachaint leis an bhfeidhm is fearr a bhaint as an bhfoireann teagaisc;

(vii) Seifteanna a cheapadh i gcomhar leis na hoidí le go mbeidh an Ghaeilge in úsáid agus a chur chun cinn in imeachtaí uile an chúrsa agus sna tithe lóistín;

(viii) Comhdháil leis na hoidí a thionól roimh thosach an chúrsa chun eagrú na hoibre, ullmhúchán, achmhainní agus áiseanna léirithe, deacrachtaí agus araile a phlé agus a chinntiú go bhfuil gach ball den fhoireann ag cur plean ginearálta an choláiste i bhfeidhm;

(ix) Dul chun cinn na ndaltaí a mheas;

(x) Féachaint chuige go dtugtar a chothrom ceart go gach gné den chúrsa;

(xi) Maoirseacht a dhéanamh ar na mic léinn - mar shampla iompar agus béasaíocht, freastal rialta ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile, poncúlacht, sábháilteacht agus araile;

(xii) Deimhin a dhéanamh de go gcoiméadtar na Rollaí de réir Rialachán na Roinne;

(xiii) A chinntiú go mbaintear úsáid lánéifeachtach sa teagasc as fearas agus áiseanna closamhairc, obair bheirte, obair ghrúpa agus an cur chuige cumarsáideach;

(xiv) Monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís a chuireann na tithe lóistín ar fáil do na mic léinn agus don choláiste agus cuairteanna rialta a eagrú ar na tithe.

13. Rollaí

Cuirfear Foirm Oifigiúil Rollaí amach ach iarratas a fháil ón gCoiste Stiúrtha. Mura gcláraítear tinrimh de réir na dtreoracha a thugtar ar an rolla ní áireofar na tinrimh sin.

14. Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta

Má dhúntar Coláiste de dheasca galair thógálaigh nó de dheasca cúise do-sheachanta eile, caithfear an tAire a shásamh faoi thosca an dúnta.

15. Feidhm an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Féadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta oifigigh a chur chun fiosrú a dhéanamh ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile am ar bith le linn an chúrsa.

(b) Ar iarratas ón Aire déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna clár cigireachta a reáchtáil i sampla de na Coláiste Gaeilge ar bhonn bliantúil le fiúntas an tsoláthar sna Coláistí a chinntiú agus comhairle a chur ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta dá réir.

(c) Má fhágtar aon cheann de na Rialacháin gan chomhlíonadh, is féidir go dtarraingeofaí siar aitheantas agus nach n-íocfaí aon chúnamh Stáit don Choláiste mar thoradh air seo. Tabharfar rabhadh san am céanna nach dtabharfar aitheantas amach anseo má bhíonn an scéal amhlaidh arís.

(d) Déanfar teagmháil leis an gCoiste Stiúrtha má tá soiléiriú ag teastáil ón Roinn i gcás aon ní a bhaineann le hobair an choláiste le linn na gcúrsaí nó ina ndiaidh. Cuirfidh an Coiste Stiúrtha eolas ar fáil gan mhoill de réir mar is gá.

16. Comhfhreagras leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Is gá cóip de gach foirm C.G. (a - e) a sheoladh chun na Roinne.

(b) Má's gá aon athrú a dhéanamh ar an eolas atá tugtha sna foirmeacha seo roimh dháta tosaithe an chúrsa, ní mór é seo a chur in iúl don Roinn **i scríbhinn** a luaithe agus is féidir.

(c) Iarrtar ar údaráis na gColáistí an rolla a sheoladh ar ais chun na Roinne ag deireadh an chúrsa.

(d) Iarrtar ar údaráis na gColáistí an fhoirm ar Shaoire Bhreise Phearsanta a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg Rialachais Scoileanna Bunbhrainse, Corr na Madadh, Áth Luain, Co. na hIarmhí).

(e) Is ceart comhfhreagras a sheoladh chuig: *colaistigaeilge@ahg.gov.ie*

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
091 503700

Aguisín 1

I gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara, déanann An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú go rialta faoina thugtar aitheantas do na Coláistí Gaeilge.

Iarrtar ar Choiste Stiúrtha gach coláiste Cód Iompair Daltaí a chur ar fáil i bhfoirm scríofa agus daltaí agus a dtuistí/gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos ann agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste.

Más gá, de bharr cúinsí tromchúiseacha foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, briseadh Riail na Gaeilge, nó ar chúis ar bith eile, ba cheart i ngach cás an cinneadh a dhéanamh le daonnacht agus le tuiscint don dalta agus dá t(h)uistí c(h)aomhnóirí.

Ar mhaithe leis na bunphrionsabail oscailteacht agus cothrom na Féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód smachta agus é bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta san déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste/caomhnóir an scoláire roimh ré agus tabharfar deis don scoláire labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir sula ndéanfar cinneadh dalta a dhíbirt ó choláiste Gaeilge.

Beidh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus beidh deis cheart ag an dalta a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfar an cinneadh.

Tuigtear gur den riachtanas é i dtaca le héifeacht agus eagar na gColáistí gur ceadmhach foghlaimeoirí a chur abhaile de bharr tarlóga tromchúiseanna áirithe. Níl sé i gceist bac a chur ar choiste stiúrtha scoláire a dhíbirt nuair is gá sin a dhéanamh. Níl sé i gceist ach an oiread moill gan ghá a chur ar an bpróiseas atá leagtha síos ag an gcoláiste maidir le scoláire a dhíbirt; ceaptar gur féidir an córas achomhairc uile mar atá sonraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de lá amháin.

Moltar céimeanna mar seo a leanas sa phróiseas a bheidh i gceist feasta:

- Go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh maidir le scoláire a dhíbirt roimh dheireadh cúrsa
- Go gcuifí in iúl don dalta go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta aige/aici ar na rialacha
- Go luafaí an riail/na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabhann leis an sárú
- Go gcaithfí a chinntiú gur thuig an dalta ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh
- Go dtabharfaí deis don dalta labhairt leis an tuiste/caomhnóir go príobháideach sa chás go bhfuil teacht ar an tuiste/caomhnóir
- Go dtabharfaí deis don dalta a t(h)aobh féin den scéal a insint agus go gcuirfí in iúl don dalta go raibh cead aige/aici labhairt i dteanga eile seachas Gaeilge dá mb'fhearr leis/léi.
- Go ndéanfadh an Coláiste gach iarracht dul i dteagmháil leis an tuiste/caomhnóir agus an scéal a insint
- Sa chás go dteastódh ón tuiste a bheith i láthair nuair a bheadh an scéal á phlé leis an dalta go bhfáilteofaí roimh a leithéid fad is nach gcuirfí moill ar an bpróiseas
- Go gcuirfí an cinneadh in iúl don dalta agus don tuiste
- Sa chás nach bhfuil an tuiste/caomhnóir i láthair, go ndéanfaí socruithe oiriúnacha chun an dalta a thionlacan abhaile má tá díbirt i gceist
- Go gcuirfí in iúl don tuiste/caomhnóir na socruithe maidir leis an dalta a chur abhaile
- Nach gcuirfí dalta abhaile gan tionlacaí de chuid an Choláiste.

Aithnítear go mbeidh corrchás ann nuair a bheidh cúrsaí slándála agus sábháilteachta go mór i gceist mar chosaint don scoláire féin agus na scoláirí eile agus nach mbeidh aon rogha ag an gColáiste ach an dalta a dhíbirt gan dul tríd an bpróiseas thuasluaite go hiomlán. Bheifí ag súil nach dtarlódh sé seo ach i dtosca an-eisceachtúla ar fad.

I ngach cás ina gcuirtear scoláire abhaile de bharr sárú rialacha, iarrtar ar an gcoiste stiúrtha tuairisc ghonta a chur ar fáil don Roinn ina leith.

Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas sa tuairisc:

- Ainm an dalta;
- An Riail a sáraíodh agus cathain;
- An teagmháil a rinne an scoláire agus an Coláiste leis an tuiste/caomhnóir;
- An dáta ar cuireadh an scoláire abhaile agus na socruithe a rinneadh ina leith;

Beidh an Roinn buíoch as bhur gcomhoibriú leis na socruithe thuasluaite agus táthar ag súil leis go mbeidh dea-thoradh ar bhur saothar arís i mbliana.

Dréacht Thuarascáil ón nGrúpa Oibre ar an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht curtha faoi bhráid na Comhairle Mhúinteoireachta

Bealtaine 2012

Clár

1 Réamhrá

2. Moltaí an Ghrúpa maidir leis an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

3. Moltaí eile chun cumas Gaeilge a fhorbairt le linn Oideachas Tosaigh Múinteoirí

4. Moltaí eile

Aguisín 1 – Baill an Ghrúpa Oibre

Aguisín 2 – Rialacháin Faoina dTugtar Aitheantas Do Choláistí Gaeilge

1 Réamhrá

I mí an Mheithimh 2011, d'fhoilsigh an Chomhairle Mhúinteoireachta critéir nua do sholáthraithe clár oideachas tosaigh múinteoirí (Oideachas Tosaigh Múinteoirí: Critéir agus Treoirlínte Clár*).*

Bhí sé mar riachtanas sa doiciméad go bhfreastalódh soláthraithe "ar mhuinín agus ar inniúlacht sa Ghaeilge ag múinteoirí faoi oiliúint … le cur chuige ilghnéitheach agus le fócas ar an nGaeilge labhartha". Rinneadh soláthar go sainiúil:

> "ar thréimhse chónaithe sa Ghaeltacht, fadaithe agus athchoinceapaithe, a chur ar fáil, a bheidh anois mar chuid den chlár iomlán agus faoi stiúir dhíreach ag na soláthraithe oideachas múinteoirí. Ba chóir go nglacfadh foireann an Údaráis um Ard-Oideachas páirt ghníomhach sa dearadh, sa bhforbairt agus sa mheastóireacht ar ábhar an chúrsa Gaeltachta lena dheimhniú go mbíonn sé saindhírithe ar theagasc agus ar fhoghlaim teanga agus go ndéantar é a chomhtháthú go héifeachtach sa chlár".

I gcomhthéacs an riachtanais seo, rinne an Chomhairle dhá chruinniú a thionól leis na hInstitiúidí Ardoideachais ábhartha chun an bealach is fearr le dul chun cinn air seo a phlé. Ag an dara ceann den dá chruinniú seo, aontaíodh gurb é an bealach is éifeachtaí leis an ngnó seo a fhorbairt ná trí ghrúpa oibre a fhorbairt ar a mbeadh ionadaithe ó gach ceann de na soláthraithe ar oideachas múinteoirí (bunleibhéal agus montessori). Tá liosta de bhaill an Ghrúpa Oibre sin ar fáil in Aguisín 1. Tionóladh an chéad chruinniú den Ghrúpa ar 19 Deireadh Fómhair 2011. Sna míonna ó shin, bhí cúig chruinniú ag an nGrúpa. D'fháiltigh an Grúpa roimh an deis a bhí ann athbhreithniú a dhéanamh ar an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht, agus roimh an bpoitéinseal a cruthaíodh páirt níos gníomhaí a ghlacadh i ndearadh na gcúrsaí. Tá a smaointeoireacht forbartha go pointe gur féidir anois an tuarascáil seo a chur faoi bhráid na Comhairle dá faomhadh.

Tá sraith moltaí sa tuarascáil a bhaineann leis an Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht, mar aon le moltaí níos ginearálta a dhíríonn ar chumas Gaeilge múinteoirí faoi oiliúint a fheabhsú.

Cé nach mbaineann sé go díreach le téarmaí tagartha an Ghrúpa, tá roinnt moltaí breise á sholáthar ag an nGrúpa maidir le cumas Gaeilge múinteoirí le linn a saol gairmiúil, mar brathann an Grúpa go bhfuil an cur chuige iomlánaíoch seo ag teacht le fís na Comhairle don leanúntas gan uaim in oideachas múinteoirí.

Agus na moltaí á gcur i láthair, tá aird tugtha ag an nGrúpa ar roinnt toscaí comhthéacsúla, mar atá curtha ar fáil go hachomair anseo thíos.

1.1 Straitéis don Ghaeilge

Foilsíodh straitéis an rialtais don Ghaeilge, *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010 – 2030*, i mí na Samhna 2009 chun úsáid agus eolas ar an nGaeilge mar theanga pobail a mhéadú agus chun a dheimhniú go mbíonn a mhéid saoránach agus is féidir dátheangach i nGaeilge agus i mBéarla. Sa straitéis déantar príomhréimsí don ghníomhú a aithint agus déantar sainchuspóirí a rianadh do gach réimse. Tá baint ar leith ag roinnt mhaith de na cuspóirí sin le oideachas múinteoirí agus, cé go dtuigeann an Grúpa go bhfuil athrú suntasach tagtha ar an gcomhthéacs eacnamaíochta ó cuireadh dréacht den tuarascáil seo ar fáil ar dtús, mar sin féin chruthaigh an tuarascáil sin cúlra tábhachtach d'obair an Ghrúpa.

1.2 Fógairt an Rialtais maidir leis an Maoiniú don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

I mí Eanáir 2012, cuireadh in iúl go foirmeálta do na Coláistí Oideachais faoi chinneadh, a rinneadh mar chuid de dhálaí cáinéiseacha an Rialtais agus den Athbhreithniú Cuimsitheach ar Chaiteachas, go ndéanfaí na híocaíochtaí deontas ón Roinn Oideachais agus Scileanna i dtreo costas freastail chúrsaí Gaeltachta an tsamhraidh agus na Cásca do mhúinteoirí faoi oiliúint a chur ar ceal, le héifeacht ó thús na bliana acadúla 2012/13.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo go gcaithfidh na múinteoirí faoi oiliúint ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí táillí na gcúrsaí a bhaineann leis an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht a íoc. Tá sé seo mar mhór-ábhar imní ag an nGrúpa agus is é a dtuairim go bhféadfadh a leithéid bac a chur ar dhaoine ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste clárú ar chláir oideachais tosaigh múinteoirí.

Tuigeann an Grúpa go bhfuil tromualach airgeadais cheana féin ar mhúinteoirí faoi oiliúint, agus bhí sé ina gceann i gcónaí faoi seo agus iad i mbun oibre. Mar thoradh ar an socrú nua a bhaineann le maoiniú, tá sriantacht ag baint leis na moltaí don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht atá ar fáil sa tuarascáil seo, fad an tréimhse foghlama ach go háirithe.

1.3 Polasaí na Comhairle Múinteoireachta ar Leanúntas Oideachas Múinteoirí

Cé gur le hoideachas tosaigh múinteoirí amháin a bhain téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre, bhí an Grúpa san airdeall i gcónaí maidir le Polasaí na Comhairle ar Leanúntas Oideachas Múinteoirí a éilíonn cur chuige níos comhtháite d'oideachas múinteoirí ag gach céim den chontanam. Thug an Grúpa aird freisin ar áitiú na Comhairle go bhfuil "ró-bhéim ar oideachas tosaigh múinteoirí…" agus a tuairim "gur gá comhtháiteacht bhreise a chruthú sa soláthar ag gach céim den leanúntas". Sa chomhthéacs sin, táthar tar éis dul níos faide ná na téarmaí a bhí tugtha ar dtús, sa mhéid is go ndéantar roinnt moltaí maidir le cumas múinteoirí a chur chun cinn ag gach céim den leanúntas in oideachas múinteoirí.

Gné ar leith de Pholasaí na Comhairle ar Leanúntas Oideachas Múinteoirí ná na trí cholún - Nuálaíocht, Comhtháthú agus Feabhsú ar chóir, dar leis an gComhairle, iad a bheith mar bhonn agus mar thaca ag gach céim den chontanam. Bhí an Grúpa san airdeall faoi na trí cholún sin nuair a bhí na moltaí á gcur ar fáil acu sa tuarascáil seo.

2 Moltaí an Ghrúpa don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Is iad seo a leanas moltaí an Ghrúpa maidir leis an taithí Gaeltachta. Molann an Grúpa go ndéanfadh gach Institiúid Ardoideachais a mbíonn cláir oideachas tosaigh múinteoirí (bunleibhéal) á soláthar acu na moltaí seo a chur i bhfeidhm, mar chuid den athchoincheapú ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí, i.e., ba chóir go gcuirfí iad i bhfeidhm ar gach clár comhthráthach le héifeacht ón mbliain acadúil 2012/2013, agus ar gach clár comhleanúnach, le héifeacht ón mbliain acadúil 2014/2015.
Maidir lena lán de na moltaí a leanann, beidh impleachtaí acu do na Rialacháin a bhaineann le hAitheantas do Choláistí Samhraidh (a ndéantar tagairt do thíos mar "na Rialacháin"). Más mar seo a bhíonn, tá leasuithe á moladh ag an nGrúpa in ailt ábhartha de na Rialacháin agus tá siad seo aibhsithe in AguisínB.

2.1 An t-ainm atá á mholadh don socrúchán

Ba chóir go dtabharfaí “tréimhse foghlama sa Ghaeltacht” ar an socrúchán. Molann an Grúpa gur chóir na Rialacháin a leasú chun é seo a léiriú.

2.2 Aidhmeanna na tréimhse foghlama

Tríd an lánthumadh sa Ghaeilge, tá sé mar aidhm ag an tréimhse foghlama:

- cur le cumas cumarsáide na mac léinn, i gcomhthéacs a ról todhchaíoch mar mhúinteoirí Gaeilge agus ábhar eile trí mheán na Gaeilge, agus mar úsáideoirí Gaeilge i bpobal na scoile. Léireofar an cumas seo trí thagairt do na torthaí foghlama atá aontaithe (Féach Alt 2.7 thíos).
- cur lena n-eolas agus lena dtuiscint ar shaol agus ar chultúr na Gaeltachta
- a dtuiscint ar an bhfíorshaol sochtheangeolaíoch ag pobail Ghaeltachta dátheangach a dhoimhniú
- taithí taitneamhach a sholáthar, a mhéadaíonn an grá a bhíonn ag múinteoirí faoi oiliúint don Ghaeilge mar theanga agus a múinín maidir lena labhairt.

2.3 Fad agus struchtúr an tréimhse atá molta

Ba chóir gur tréimhse ceithre seachtaine i ndá bhloc ar leith, gach bloc le 14 oíche agus 13 lá, a bheadh i gceist leis an taithí Gaeltachta. Creideann an Grúpa go gcruthódh a leithéid an deis measúnú agus faisnéisiú mar ghrúpa a fháil i ndiaidh na tréimhse foghlama, agus go gcuideodh sé seo leis na hInstitiúidí Ardoideachais an tréimhse foghlama a chomhtháthú ar bhealach níos éifeachtaí sna cláir go hiomlán. Ba chóir an tréimhse foghlama a dhearadh ar bhealach a dheimhníonn go dtógann an dara bloc ar an bhfoghlaim sa chéad bhloc, agus go ngcuidítear le dul chun cinn na mac léinn thar thréimhse ama. Dá réir sin, ní cóir don dá bhloc tarlú in aon in aon bhliain acadúil amháin agus ba chóir d’ábhar an chúrsa sa réimse a bhaineann le hinniúlacht teanga a bheith bunaithe ar an siollabas mar atá sainmhínithe ag an *Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal*, a dhéanann ábhar oiriúnaithe a chur ar fáil do mhic léinn ag na leibhéil inniúlachta éagsúla. (Féach Alt 2.5 thíos chun eolas breise a fháil ar ábhar an chúrsa.)

Molann an Grúpa go gclúdófaí 35 uaire de ghníomhaíochtaí foghlama gach seachtain, 20 uair a’chloig de seo ar a laghad ar fáil do ranganna foirmiúla. Beifear ag súil go ndéanfaidh soláthraithe cúrsaí pleananna teagaisc agus foghlama a dhearadh i gcomhairle le soláthraithe in Institiúidí Ardoideachais agus de réir na dtorthaí foghlama sa Siollabas don Tríú Leibhéal atá ailínithe le Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (CTET).

Ba chóir do na ranganna foirmiúla tarlú ar maidin. Ba chóir do cheardlanna um thráthnóna deis a thabhairt do mhic léinn cur lena gcuid eolais agus lena n-inniúlacht theangeolaíochta ar achair an churaclaim bhunscoile. Cuideoidh na riachtanais a bhaineann leis an bhFillteán Foghlama Gaeltachta le treoir a thabhairt don dearadh ar ghníomhaíochtaí iarnóna. Caithfear na h‘Imeachtaí Eagraithe Iarnóna’ mar atá molta sna Rialacháin (Féach Aguisín 2) a leasú chun gníomhaíochtaí dá leithéid seo a leanas a chur san áireamh:

- scéalta,drámaí, agallaimh, amhráin, véarsaí, dánta srl. a bheidh oiriúnach do leanaí bunscoile a chumadh, a chur in oiriúint nó a aistriú;
- taighde, agallaimh agus saothar allamuigh eile a dhéanamh don tionscnamh Gaeltachta;

- taighde a dhéanamh ar staidéir áitiúla bainteach leis an gcuraclam don Oideachas Sóisialta, Imshaoil agus Eolaíochta;
- acmhainní teagaisc a chruthú agus a chur in oiriúint do theagasc na Gaeilge agus don teagasc ar achair eile den churaclam trí mheán na Gaeilge;
- cleachtadh a dhéanamh ar obair thionscnaimh trí mheán na Gaeilge a chur i láthair.

Tuigtear go mbíonn ról tábhachtach ag baint leis na tréimhsí um thráthnóna ina gcuirtear gníomhaíochtaí ar fáil maidir le páirtíocht na mac léinn sa phobal áitiúil agus a muinín i labhairt na Gaeilge a mhéadú. Níltear ag moladh, áfach, go ndéanfaí na gníomhaíochtaí seo a áireamh mar chuid den 35 uaire an chloig.

Ba chóir monatóireacht chúramach a dhéanamh ar an tinreamh ag ranganna agus ag gníomhaíochtaí eile agus ba chóir na liostaí tinreamh a chur ar aghaidh chuig na hInsititiúidí Ardoideachais ábhartha, go hídéalach i bhfoirm leictreonach. Ba chóir cruachóipeanna de na rollaí a chur ar ais chuig na hInsititiúidí Ardoideachais, dearbhú ar thinreamh /neamhtheanrimh á sholáthar dá réir.
Lena dheimhniú go n-éiríonn le mic léinn an leas is fearr a bhaint ón taithí, tá sé tábhachtach go mbeidís lánghníomhach i ngníomhaíochtaí na tréimhse foghlama agus go mbeidís sásta agus ullamh don lántumadh i saol agus i gcultúr na Gaeltachta. Ba chóir do mhic léinn dearbhú a shíniú (ag dearbhú go gcomhlíonfaidh siad rialacha an choláiste agus go mbeidh siad lanpháirteach sa chúrsa) nuair a bhíonn siad ag clárú ar na cúrsaí.

2.4 Ullmhúchan don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Molann an Grúpa gur chóir do na hInstitiúidí Ardoideachais a mbíonn cláir oideachas tosaigh múinteoirí á soláthar acu mic léinn a ullmhú don taithí Gaeltachta, trí, mar shampla, ceardlann ullmhúcháin a chur ar fáil a ardóidh feasacht shochtheangeolaíoch na mac léinn sula n-imíonn siad ar an taithí Gaeltachta.
Ba chóir go mbeadh ar mhúinteoirí a mbíonn na cúrsaí Gaeltachta á soláthar acu cláir chuí oiliúna a dhéanamh ar an siollabas agus ar aon riachtanais eile atá luaite sa tuarascáil seo.

2.5 Ábhar an chúrsa

Ba chóir go mbeadh an t-ábhar céanna á chur ar fáil ag gach soláthraí don tréimhse foghlama sa Ghaeltacht, ach roinnt solúbthacht a bheith ar fáil. Ba chóir don chlár a chur ar chumas na mac léinn saintorthaí foghlama a bhaint amach. (Féach Alt 2.7 thíos)
Ba chóir don chumas teanga ar ábhar an chúrsa a bheith bunaithe ar an siollabas ag an *Meitheal um Theagasc na Gaeilge ar an Tríú Leibhéal.* Tá an clár sin in úsáid cheana féin ag roinnt soláthraithe clár, ina measc Coláiste Phádraig, Droim Conrach; Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach; Coláiste Eaglais na hÉireann; Coláiste Hibernia agus Coláiste Oideachais Froebel. (Féach www.teagascnagaeilge.ie chun tuilleadh eolais a fháil)

- Ba chóir é seo a chur in oiriúint chun freastal ar dhaltaí a bhfuil leibhéil éagsúla teanga acu

Molann an Grúpa go ndéanfaí ábhar an chúrsa a chur in oiriúint do mhic léinn a bhfuil léibhéil éagsúla cumais acu sa teanga agus gur chóir, dá réir, freastal freisin ar na sainriachtanais a bhíonn ag cainteoirí dúchasacha agus ag cainteoirí ardchumasacha. Seo freisin ceann de na prionsabail ar a bhfuil an Siollabas Tríú Leibhéal bunaithe.

Mar shampla, dá leithéid sin, d'fhéadfadh béim níos láidre in ábhar an chúrsa a bheith ar straitéisí do theagasc na Gaeilge mar chéad theanga,ar shaibhriú teanga, ar feasacht teanga agus ar feasacht chultúrtha.

2.6 Fillteáin Foghlama

Molann an Grúpa gur chóir do mhúinteoirí faoi oiliúint a bhfillteán foghlama a úsáid chun taifead a choimeád ar a mbíonn á fhoghlaim acu sa Ghaeltacht, chun tacú le próiseas an athmhachnaimh agus chun gnéithe dá gcumas agus dá dteagasc sa Ghaeilge a bhfuil gá acu, b'fhéidir, le tacaíocht bhreise a aithint.

2.7 Measúnú

Molann an Grúpa gur chóir don mheasúnú ar fhoghlaim na mac léinn le linn a dtréimhse foghlama sa Ghaeltacht a bheith mar chuid de scéim iomlán an mheasúnaithe don chlár oideachas múinteoirí. Thabharfadh sé seo deis do mhic léinn naisc a chruthú idir an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht agus an clár Coláiste-bhunaithe agus dhíreodh sé aird ar an tréimhse foghlama a bheith mar bhunchuid den chlár. Ba chóir don mheasúnú díriú ar na torthaí foghlama don teanga labhartha agus don chaidreamh labhartha mar atá leagtha síos sna siollabais ábhartha: 'Siollabas Nua don chéad bhliain ollscoile', 'Siollabas Nua don dara bliain ollscoile', agus 'Siollabas Nua don tríú bliain ollscoile'. Tá an siollabas grádaithe seo bunaithe ar B2 de Chomhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha. Féach www.teagascnagaeilge.ie agus gliogáil ar an nasc "Na Siollabais" chun tuilleadh eolais a fháil.

2.8 Méid/comhdhéanamh na ranganna

Molann an Grúpa nach cóir níos mó ná 25 duine a bheith i ngach rang. Ba chóir, go hídéalach, meascán daltaí ó Institiúidí Ardoideachais éagsúla a bheith le chéile, cé go dtuigeann an Grúpa go mb'fhéidir nach mbeifear ábalta é seo a dhéanamh i gcónaí.

2.9 Múinteoirí a bhíonn ag soláthar cúrsaí / am na gcúrsaí

Creideann an Grúpa gur chóir, mar atá i dtreoirlínte na Comhairle Múinteoireachta, an socrúchán Gaeltachta a bheith mar ghné comhtháite den cháilíocht oideachas múinteora. Dá réir sin, is inmhianta gur múinteoirí bunscoile a dhéanfadh an cúrsa a sholáthar. Más daoine eile seachas múinteoirí bunscoile a bhíonn i gceist, ba chóir go mbeadh ardchumas Gaeilge acu, sárthuiscint acu ar churaclam na bunscoile agus ar theagasc na Gaeilge ag an mbunleibhéal, nó saineolas acu i réimse ábhartha eile. Tá sé fíor-thábhachtach go ndéanfadh an uile dhuine a bhíonn fostaithe chun eilimintí den chúrsa Gaeltachta a chur ar fáil a ranganna a ailíniú, ó thaobh ábhar agus modheolaíochtaí teagaisc, leo siúd a bhíonn á gcur ar fáil go díreach ag Institiúidí Ardoideachais mar chuid den chlár iomlán. Chun eolas breise d'fháil, féach na hathruithe atá á moladh in Alt 10 d'Aguisín 2.

2.10 Saoráidí agus Acmhainní

Caithfidh timpeallacht fhisiceach na mac léinn a bheith oiriúnach chun freastal ar uasmhéid 25 daoine fásta in aon rang amháin. Beidh gá le teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide. Ba chóir don

fhoireann teagaisc a fhostaítear le teagasc ar na cúrsaí na híosriachtanais mar atá luaite sna Rialacháin leasaithe in Aguisín 2 a shásamh.

2.11 Dearbhú Cáilíochta

Beidh an Dearbhú Cáilíochta mar ghné thábhachtach den tréimhse foghlama sa Ghaeltacht. Sa chomhthéacs sin, tá an Grúpa den tuairim go mbeidh an caighdeánú ar spriocanna foghlama agus ar mheasúnú na spriocanna sin fíor-thábhachtach, ach glactar leis go gcaithfear fós solúbthacht a chur ar fáil do na hInstitiúidí Ardoideachais maidir leis na slite ina ndéanfar na spriocanna sin a bhaint amach. Molann an Grúpa próiseas láidir don dearbhú cáilíochta a chur i bhfeidhm ina ndéanfaidh soláthraithe iarratais a chur isteach, ina ndéanfar cláir a athbhreithniú agus ina dtabharfar aitheantas dóibh, de réir mar a oireann, agus ina ndéanfar cigireachtaí randamacha go leanúnach. Molann an Grúpa go ndéanfar, go práinneach, plé ar na bealaí is éifeachtaí lena leithéid de phróiseas a chur i bhfeidhm.

3 Moltaí eile chun cumas Gaeilge a fhorbairt le linn Oideachas Tosaigh Múinteoirí

Luaigh an Grúpa nach í an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht an t-aon bhealach le hinniúlacht teanga agus teagaisc sa Ghaeilge a fheabhsú agus go mb'fhéidir go bhfuil bealaí eile ann inar féidir an inniúlacht seo a ghnóthú. Cuirtear na moltaí seo a leanas chun cinn:

3.1 Ba chóir do sholáthraithe OTM ábhair eile ar an gclár OTM a sholáthar trí mhean na Gaeilge.

3.2 I ngeall ar riachtanais na Comhairle mar atá luaite ina *Critéir agus Treoirlínte*, gur chóir don socrúchán scoile tarlú "i suímh theagaisc éagsúla, rangleibhéil agus comhthéacsanna scoile éagsúla", molann an Grúpa, de réir mar is féidir, go mbeadh (bun)mhúinteoirí faoi oiliúint páirteach, le linn a gclár, i socrúchán i nGaelscoil. Tuigtear nach mbeidh a leithéid indéanta i gcás gach múinteoir faoi oiliúint i ngeall ar a gcumas sa teanga, go háirithe i mBliain 1. Molann an Grúpa, áfach, gur chóir do sholáthraithe iarracht a dhéanamh socruithe a chur i dtreo do thréimhsí gairde (fad seachtaine ar a laghad)sna scoileanna seo, mar a mbíonn an fócas dírithe ar an mbreathnóireacht agus ar an tumadh i saol na scoile, seachas é a bheith dírithe ar an teagasc féin.

3.3 Molann an Grúpa gur chóir do sholáthraithe OTM múinteoirí faoi oiliúint a mhealladh chun deiseanna a aithint agus a thapú maidir lena gcumas Gaeilge a fheabhsú, mar shampla, trí thaithí a fháil mar Chúntóir ar chúrsa Gaeltachta, trí fhreastal ar chúrsaí breise i nGaeilge, trí oibriú ar champaí samhraidh trí mheán na Gaeilge, trí pháirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí seach-churaclaim, i gclubanna agus in eagraíochtaí trí mheán na Gaeilge sa choláiste, trí fhreastal ar An Seomra Caidrimh sa Choláiste, trí pháirt a ghlacadh i gCiorcal Comhrá, trí bheith páirteach sa Chumann Gaelach, srl. Tá sé rí-thabhachtach go mbeadh mic léinn páirteach ina leithéid de ghníomhaíochtaí má tharlaíonn nach leor an méid ama a bhíonn leagtha síos don Ghaeilge chun an cumas agus an muinín sa Ghaeilge a bheidh de dhíth orthu dá ról mar mhúinteoirí a bhaint amach.

4 Moltaí eile

4.1 SCG agus OCG

I ngeall ar na moltaí don athrú atá luaite in uimhir 3 thuas, molann an Grúpa gur chóir struchtúr agus ábhar an OCG agus an SCG a athbhreithniú agus a leasú, de réir mar is cuí.

4.2 An Leanúntas in Oideachas Múinteoirí

Fáiltíonn an Grúpa roimh an tiomantas sa Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge infhestiú a dhéanamh sa bhforbairt ghairmiúil do mhúinteoirí i réimse na Gaeilge. Glactar leis nach bhfuil san OTM, cé gur céim rí-thabhachtach í i múnlú an mhúinteora, ach tréimhse ghairid amháin den chontanam daichead bliain i saol an mhúinteora. Le linn dóibh a bheith sa ghairm, caithfear muinín agus cumas múinteoirí sa Ghaeilge a chothú agus a fhorbairt go leanúnach. Sa chomhthéacs sin, molann an Grúpa gur chóir:

- béim láidir a bheith ar an nGaeilge sna ceardlanna éigeantacha atá mar riachtanas anois do gach MNC a bhíonn ag clarú leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus an bhéim sin a bheith ar an nGaeilge mar ábhar curacalaim agus ar cheardlanna eile a sholáthar trí mheán na Gaeilge,
- múinteoirí a dhreasú, mar chuid dá luathfhorbairt ghairmiúil, le bheith páirteach i ngníomhaíochtaí sa bhforbairt ghairmiúil a bhaineann le curaclam na Gaeilge, agus le réimsí eile a bhíonn á soláthar trí mheán na Gaeilge. D'fhéadfadh gur é a bheadh i gceist le dreasú ná laethanta EPV, nó uasghrádú ar cháilíochtaí gairmiúila trí mheaúnachtaí TEG.
- don Rialtas mar atá sa Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge, plean a chur i bhfeidhm do scéimeanna scoláireachta Gaeltachta do mhúinteoirí ar mian leo freastal ar chúrsaí Gaeilge sa Ghaeltacht;
- don Chomhairle Mhúinteoireachta, agus iad i mbun Creat Náisiúnta don FGL a fhorbairt, aird ar leith a dhíriú ar an ngá ata ann inniúlacht Ghaeilge a bheith á forbairt agus á hathnuachan go leanúnach, cumas teanga agus cumas teagasc araon.

4.3 Maoiniú don Tréimhse Foghlama sa Ghaeltacht

Tá cinneadh Rialtais Eanáir 2012 maidir leis na deontais a íoctar ón Roinn Oideachais agus Scileanna i leith costas na mac léinn don fhreastal ar chúrsaí samhraidh agus Cásca a chur ar ceal, le héifeacht ó thús na bliana acadúla 2012/2013, mar mhór-ábhar imní ag an nGrúpa.

Go praiticiúil, ciallaíonn sé seo go gcaithfidh na múinteoirí faoi oiliúint ar chláir oideachas tosaigh múinteoirí táillí na gcúrsaí a bhaineann leis an tréimhse foghlama sa Ghaeltacht a íoc. Tá sé seo mar mhór-ábhar imní ag an nGrúpa agus is é a dtuairim go bhféadfadh a leithéid bac a chur ar dhaoine ó chúlraí socheacnamaíocha faoi mhíbhuntáiste clárú ar chláir oideachais tosaigh múinteoirí. Is é tuairim an Ghrúpa nach maith in aon chor a leithéid d'fhorbairt, go mbeidh tionchar diúltach aige seo ar ghairm na múinteoireachta, agus moltar go ndéanfaí an cinneadh a athbhreithniú láithreach i gcomhthéacs:

- polasaithe náisiúnta chun éascú a dhéanamh ar an iontráil chun na gairme ag grúpaí faoi ghannionadaíocht agus
- an Straitéis 20-Bliain don Ghaeilge.

Idir an dá linn, molann an Grúpa go mbeadh na Coláistí Oideachais éagsúla solúbtha agus tuisceanach nuair a bhíonn táillí á éileamh acu ionas gur féidir tacú leo siúd a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu an t-airgead a chur ar fáil don tréimhse foghlama sa Ghaeltacht.

AGUISÍN 1 Baill an Ghrúpa Oibre

An Dr Pádraig Ó Duibhir, Coláiste Phádraig, Droim Conrach (Cathaoirleach)
Anna Davitt, Ceann na Gaeilge, Coláiste Hibernia
Antoinette Ní Ghallchobhair, An Chigireacht, An Roinn Oideachais agus Scileanna
An Dr Liam Mac Amhlaidh, Léachtóir i dTeanga agus i Litríocht na Gaeilge, Coláiste Oideachais Froebel
Fiona Nic Fhionnlaoich, Coláiste Oideachais Froebel
Siobhán Ní Mhurchú, Coláiste Mhuire gan Smál, Luimneach
Deirdre Ní Chonghaile, Coláiste Oideachais Eaglais Na hÉireann
An Dr Ray Ó Donnchadha, Coláiste Montessori San Nioclás
Aodán Mac Suibhne, Coláiste Mhuire Marino
Anne Dunne, Coláiste Montessori, AMI
An Dr. Rióna Ní Fhrighil, Coláiste Phádraig, Droim Conrach

AGUISÍN 2 – NA RIALACHÁIN

RIALACHÁIN FAOINA DTUGTAR AITHEANTAS DO CHOLÁISTÍ GAEILGE ~~(Eanáir 2010)~~

2012

Réamhrá

Tá cúraimí riaracháin na gColáistí Gaeilge faoi chúram na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ó 2010 ar aghaidh agus tá an Roinn freagrach as polasaithe a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a chinnteoidh ardchaighdeáin sa chóras ina iomláine. Dá bhrí sin ní mór do aon choiste gur mhaith leis Coláiste Gaeilge a eagrú sa Ghaeltacht faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge iarratas a dhéanamh chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar aitheantas oifigiúil. Cuideoidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna leis an Roinn le iarratais ó Choláistí a mheas agus le fiúntas an tsoláthair sna Coláistí Gaeilge a chinntiú. Chomh maith leis sin leanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta leis an obair ag tacú leis na teaghlaigh sa Ghaeltacht a choinníonn na foghlaimeoirí ar iostas.

1. Aicmí agus Coláistí

(a) **Aicmí**

Aicme A Oidí Bunscoile, Oidí Iar-bhunoideachais, oidí a oileadh thar lear, daoine atá inaitheanta mar Oidí Bunscoile nó Oidí Iar-bhunoideachais, agus lucht léinn na n-institiúidí ardoideachais ~~gColáistí Oideachais~~.

Aicme B Daoine óga atá 18 mbliana d'aois ar a laghad. Beifear ag súil go n-oirfeadh cúrsa le haghaidh na haicme seo do dhaoine mar státseirbhísigh, lucht léinn ollscoile, aos gairme (dochtúirí, dlíodóirí, ailtirí agus araile), comhaltaí de na Fórsaí Cosanta, comhaltaí den Gharda Síochána agus daoine eile mar iad. (Nótaigh go bhfuil scéim faoi leith ag an Roinn maidir le cúrsaí Gaeilge do Dhaoine Fásta – leathán eolais le fáil ón Roinn).

Aicme C

- Daoine óga atá idir 10 agus 19 mbliana d'aois ar 1 Iúil de bhliain an chúrsa sna Coláistí.

- Daoine óga a bhfuil Cúrsa Bliain V nó Bliain VI san iar-bhunscoil déanta acu, atá ag gabháil don chúrsa Gaeilge (Ardleibhéal) don Ardteistiméireacht agus atá ag tnúth le Cúrsa sa Ghaeilge nó trí mheán na Gaeilge a leanúint i gcoláiste den tríú leibhéal.

Aicme D Féadfar aitheantas a thabhairt do ghearrchúrsaí a dhéanfaidh freastal ar oiliúint Ardchinnirí. Beidh na hArdchinnirí os cionn 18 mbliana d'aois ar 1 Iúil bliain an chúrsa, nó beidh siad os cionn 17 mbliana d'aois agus beidh scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin **dáta** céanna. Glacfar le cúrsa oriúnach deireadh seachtaine……. Is é líon na ndaltaí a cheadófar ar aon chúrsa oiliúna amháin ná **40** dalta ar a mhéid. I gcás coláistí an-mhóra, áfach, ina raibh 1000 mac léinn nó níos mó ná sin ar na cúrsaí samhraidh an bhliain roimh ré, beidh an Roinn sásta an t-uaslíon a mhéadú de réir duine in aghaidh gach 25 de rollachán os cionn an 1000.

(b) **Áit Chónaithe i rith na gCúrsaí**:

Is gá go mbeadh cónaí ar dhaltaí agus ar mhic léinn sa Ghaeltacht i rith na gcúrsaí sa Ghaeltacht.

(c) **Iomlán na dTáillí Teagaisc i leith Cúrsaí Aicme A**:

~~Faoi láthair, fágtar roinnt freagrachtaí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta maidir le cabhairdheontas i gcas na dtaillí teagaisc ar chúrsaí Aicme A.~~ Reachtáiltear na cúrsaí Aicme A seo do mhic léinn mhúinteoireachta atá ag freastal ar chúrsaí réamhsheirbhíse oideachais. Ní foláir do na mic léinn mhúinteoireachta/réamhsheirbhíse uile in institiúidí ardoideachais ~~gColáistí Oideachais~~ freastal ar ~~chúrsa trí seachtaine sa Ghaeltacht ag deireadh na bliana tosaigh dá n-oiliúint~~ dhá chúrsa coicíse, tréimhse ceithre seachtaine ar an iomlán, sa Ghaeltacht. Caithfear a thuiscint gur páirt *éigeantach* den chúrsa réamhsheirbhíse oiliúna don mhúinteoireacht é seo. Tá sé riachtanach go mbeadh na mic léinn i láthair do thréimhse iomlán ~~an chúrsa~~ na gcúrsaí, i.e. ~~lá is fiche (21 lá)~~ dhá bhloc de 13 lá agus 14 oíche, is é sin 26 lá agus 28 oíche ar an iomlán. Ní foláir a dheimhniú, dá bhrí sin, go ~~bhfreastalaíonn~~ gcaithfidh gach mac léinn múinteoireachta ~~ar an gcúrsa trí seachtaine~~ an tréimhse 4 seachtaine ina hiomláine sa Ghaeltacht, na tréimhsí deireadh seachtaine san áireamh.

Mac léinn ar bith nach gcomhlíonann na rialacha ó thaobh freastal ar an dá chúrsa coicíse ~~gcúrsa iomlán trí seachtaine~~ sa Ghaeltacht, caithfidh sí/sé sin filleadh ar an nGaeltacht ar feadh tréimhse eile, chun coinníollacha a (h)oiliúna mar mhúinteoir bunscoile a chomhlíonadh.

~~Ní íocfaidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta na taillí teagaisc ar son scoláirí i gcúrsaí d'Aicme A mura mbíonn ar a laghad an tríú cuid d'iomlán na seisiún aitheanta curtha isteach aige/aici.~~

(d) **Marcáil na Rollaí**

Cé go mbeadh sé inmhianaithe go mbeadh ollrolla coláiste de réir oird-aibítre ag údaráis an choláiste ní foláir na daltaí bheith cláraithe ar Rolla na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta de réir na ranganna ina bhfuil siad lonnaithe agus de réir an institiúid ardoideachais ina bhfuil siad cláraithe. **Ní mór an freastal ar gach seisiún (maidin agus iarnóin) a mharcáil go cruinn de réir na dtreoracha a leagtar amach ar bhrollach an leabhair rolla (Rolla Tinrimh).** Is ceart neamhláithreachtaí a mharcáil go tráthúil ag baint feidhme chuige sin as an gcód a mhínítear sa leabhar rollaí. Ní foláir d'údaráis an choláiste a chinntiú go bhfuil an líon mac léinn i láthair in aon rang ag teacht leis an líon mac léinn atá cláraithe ar na rollaí. Ní mór na hiomláin agus na fo-iomláin a lorgaítear i ngach leabhar rollaí a áireamh agus a bhreacadh isteach ag deireadh an chúrsa. Ba chóir cóipeanna crua (agus leictreonacha más féidir) de na rollaí a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí ardoideachais chuí le tinreamh na mac léinn a dheimhniú. Ní mór don fhoireann teagaisc i ngach Coláiste Gaeilge ábhar agus príomhthéamaí na gceachtanna a chlárú go laethúil ar an leathanach cuí sna rollaí. Iarrtar ar an gColáiste leabhar rollaí ar leith a úsáid le haghaidh na nArdchinnirí ar chúrsa samhraidh agus a dtinreamh a mharcáil go tráthúil. Beidh aitheantas an choláiste ag brath ar an riail seo a bheith curtha i bhfeidhm go sásúil.

(e) **Seisiúin**

(i) Is é seo an t-íoslíon seisiún is gá a chur ar fáil ar chúrsa d'Aicmí ~~A,~~ B, agus C:

Fad an chúrsa	Íoslíon seisiún
1 seachtain	13
2 seachtain	26
3 seachtain	38

I gcás Aicme A, is é an t-íoslíon uaireanta an chloig ná 35 sa tseachtain, le 20 uair an chloig tugtha do ranganna foirmiúla teanga.

I gcás Aicme D is ceadmhach cúrsa a eagrú thar cheithre nó chúig lá nó i gcásanna áirithe thar deireadh seachtaine más gá agus ní mór íoslíon de 12 seisiún a chur ar fáil le linn an chúrsa sin.

(ii) Ní cheadaítear seisiún a áireamh don lá teachta ná don lá imeachta.

(iii) Is féidir lá saoire eaglaise nó poiblí a thitfidh le linn tréimhse chúrsa a áireamh má reachtáiltear ranganna maidine agus imeachtaí eagraithe iarnóna.

(iv) Is féidir dhá sheisiún a áireamh don Satharn ach ranganna maidine agus imeachtaí eagraithe iarnóna a bheith ann.

(v) Tabharfar aitheantas do sheisiún amháin ar an Domhnach i rith na gcúrsaí Samhraidh do na Coláistí úd ar mian leo imeachtaí eagraithe a chur ar fáil. Ní ranganna foirmiúla a bheidh i gceist ach imeachtaí taitneamhacha mar thuras i gceantar an Choláiste nó thart ar an nGaeltacht, cluichí (laistigh agus lasmuigh), céilí, claisceadal agus araile. Caithfear deimhin a dhéanamh de i leagan amach an tseisiúin seo nach gcuirfear isteach ar chuairteanna na dtuismitheoirí ar a gcuid páistí. Caithfear solúbthacht a cheadú i gcás tráthanna an tseisiúin - d'oirfeadh maidin an Domhnaigh do Choláistí áirithe, ach b'fhéidir go n-oirfeadh an tráthnóna nó an oíche níos fearr do Choláistí eile. Glactar leis, ar ndóigh, go mbeidh Coláistí áirithe ann nach dteastóidh uathu seisiún a chur ar fáil ar an Domhnach. Ceadófar seisiún amháin ar an Domhnach i leith na gcúrsaí a reachtáiltear um Cháisc faoi réir na gcoinníollacha céanna.

3. Mic Léinn in Aicmí A, B agus C

(a) ~~Tá cead ag mic léinn in Aicme B freastal ar ranganna d'Aicme A.~~ Ní cheadaítear do mhic léinn in Aicme B freastal ar ranganna d'Aicme A.

(b) Ní cheadaítear do dhaltaí in Aicme C freastal ar ranganna d'Aicme A nó d'Aicme B.

(c) Ní cheadaítear do ~~dhaltaí~~ mhic léinn in Aicme A freastal ar ranganna d'Aicme B, C, nó D

4. **<u>An Coiste Stiúrtha</u>**

(a) Caithfear Coiste Stiúrtha ar a mbeidh triúr ball ar a laghad a bhunú i ngach Coláiste. Beidh sé mar chúram ar an gCoiste Stiúrtha:

(i) na cúrsaí a eagrú agus a riar agus maoirseacht a dhéanamh orthu:-

(v) na hoidí agus na hardchinnirí a fhostú:-

(vi) teaghlaigh sa Ghaeltacht atá aitheanta ag an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a earcú le cóiríocht a chur ar fáil do na mic léinn. Ní mór do bhaill an choiste teagmháil rialta a bheith acu le himeachtaí éagsúla na gcúrsaí.

(b) Ní mór don choiste deimhin a dhéanamh de, freisin, go ndéantar cúram ar leith de shábháilteacht na ndaltaí/mac léinn i rith an chúrsa ina iomláine, go háirithe ar na bóithre, le linn imeachtaí eagraithe, ar na láithreáin imeartha agus ag cleachtadh snámha san fharraige, sa linn snámha agus sna tithe. Ní mór, freisin, polasaí scríofa a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun mí-úsáid pháistí, bulaíocht agus iompar frithshóisialta eile a chosc. Caithfear ráiteas sláintíochta agus slándála a bheith i scríbhinn agus ní mór oifigeach Sláinteachais agus Slándála a ainmniú agus a chlárú i bplean an choláiste. Caithfidh cóip den ráiteas seo a bheith ar fáil do chigirí agus d'ionadaithe eile na Roinne. Ní foláir don Choiste Stiúrtha a bheith ar an eolas faoi na dualgais atá ar an gColáiste maidir le leas agus cosaint na leanaí atá faoin a gcúram. Ba cheart don choiste a chinntiú go gcuirfear na forálacha cuí ó na treoirlínte *<u>Tús Áite do Leanaí</u>* (*<u>'Children First'</u>*) i bhfeidhm i ngníomhaíochtaí uile an choláiste taobh istigh agus taobh amuigh den seomra ranga agus na tithe lóistín. Ba chóir fianaise a chur ar fáil a dhearbhaíonn go bhfuil céimeanna cuí glactha ag an gcoiste bainistíochta agus ag an bhfoireann chun beartais a fhorbairt atá ag teacht le forálacha i *Children First: National Guidance for the Protection and Welfare of Children* (An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige, 2011) agus *Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí* (An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, Aibreán 2001). Ba cheart fianaise a chur ar fáil a dhearbhaíonn go bhfuil na beartais glactha ag an gcoiste bainistíochta, go bhfuil siad curtha i bhfeidhm aige agus go bhfuiltear tar éis duine idirchaidrimh ainmnithe a cheapadh de réir cheanglas threoirlínte na Roinne.

(c) Ní mór do Choiste Stiúrtha gach coláiste Cód Iompair daltaí/mac léinn a chur ar fáil i bhfoirm scríofa. Ba chóir go gcuirfí daltaí/mic léinn agus a dtuistí/gcaomhnóirí/neasghaol, más cuí, ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos sa Chód Iompair agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste. Más gá foghlaimeoir (í) a chur abhaile roimh dheireadh chúrsa de bharr dhrochiompair, sárú riail na Gaeilge nó ar chúis ar bith eile, ba cheart an cinneadh i ngach cás a chur in iúl le daonnacht agus le tuiscint don dalta agus dá t(h)uistí/c(h)aomhnóirí. Ba cheart nós imeachta soiléir a leagadh síos sa Chód Iompair chuige seo, ionas go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus go mbeadh deis cheart ag an dalta a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfaí an cinneadh.

(d) Ar mhaithe le hoscailteacht agus cothrom na Féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód smachta agus é bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta san, raghfar i gcomhairle le tuiste/caomhnóir an scoláire roimh ré agus tabharfar deis don scoláire labhairt lena t(huiste)/c(h)aomhnóir sula ndéanfar cinneadh dalta a dhíbirt ó choláiste Gaeilge. (Féach Aguisín 1)

I ngach cás ina gcuirtear scoláire abhaile de bharr sárú rialacha, ní mór don choláiste tuairisc chuimsitheach a chur ar fáil don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ina leith.

(e) Ní foláir go mbeidh árachas dliteanais phoiblí chun éilimh suas le milliún euro a sheasamh i leith na n-ionad go léir ina ndéantar a chúrsaí a reáchtáil ag gach Coláiste.

Beidh clásail sa pholasaí árachais sin ina ndearbhófar go ndéanfaidh an coláiste, a eagraithe, a g(h)níomhairí agus a s(h)eirbhísigh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus An Roinn Oideachais agus Scileanna a s(h)eirbhísigh agus a g(h)níomhairí a shlánú agus a choimeád slán in aghaidh an uile ghnímh, chostais, éilimh agus dhamáiste a éireoidh as aon úsáid a bhainfear as na hionaid sin nó as aon imeachtaí teagmhasacha a bhainfidh le cúrsa a eagróidh an coláiste, a eagraithe, a ghníomhairí agus a sheirbhísigh.

Caithfear cóip den pholasaí árachais reatha a sheoladh chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta in éineacht leis an bhfoirm iarratais C.G(a) mar eolas. Sa chás nach gcuirtear cóip den pholasaí árachais reatha chun na Roinne in éineacht leis an bhfoirm iarratais C.G(a), Ní thabharfar aitheantas don chúrsa a bheidh i gceist.

5. <u>Cóiríocht</u>

(a) Caithfidh an Coiste Stiúrtha deimhin a dhéanamh de go bhfuil cóiríocht oiriúnach ar fáil do na daltaí, mar shampla, seomraí ranga, leithris, áiseanna oiriúnacha teagaisc, cóiríocht oiriúnach do chéilithe agus araile, agus fós, deimhin a dhéanamh de go bhfuil cúram ceart á dhéanamh de chúrsaí sláinteachais agus glaineachta. Is ceart na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, má's féidir.

(b) Murar féidir i gcás Coláiste ar bith na ranganna uile a bheith in aon láithreán amháin, ba chóir don Choiste Stiúrtha ranna a dhéanamh den Choláiste, oide a bheith freagrach faoin bPríomhoide i ngach roinn díobh agus an t-eolas a chur ar fáil don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ***<u>mí ar a laghad roimh ré</u>***. Beidh comhairle le fáil ón Roinn faoin líon ranganna a d'oirfeadh don chóiríocht atá i gColáiste ar bith.

(c) Ní ceart níos mó ná an líon daltaí a bhfuil cóiríocht chuí ann dóibh (idir sheomraí, leapacha agus leithris) a bheith ar lóistín i dteach nó in ionad cónaithe ar bith. Caithfear cóiríocht chuí a sholáthar do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta acu, mar shampla scoláirí ag baint feidhme as cathaoir rotha.

(d) Ní mór don Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta a dhearbhú go bhfuiltear sásta le caighdeán na cóiríochta do na ranganna. Sa chás nach féidir leis an Roinn an dearbhú sin a thabhairt is féidir nach dtabharfar aitheantas d'aon chúrsa eile sa choláiste sin go dtí go mbeidh an Roinn sásta go bhfuil an chóiríocht oiriúnach. Ní mór do choiste an choláiste aire a dhíriú ar na moltaí i leith na cóiríochta i dtuairisc an chigire na Roinne Oideachais agus Scileanna agus nó An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta gach dícheall a dhéanamh chun na moltaí sin a chur i bhfeidhm. Sa chás go ndéantar neamhshuim de mholtaí i leith na cóiríochta, ní thabharfar aitheantas don choláiste don bhliain dar gcionn.

(e) Ní cheadaítear coláiste nua nó fo-ionad nua a bhunú gan faomhadh na Roinne Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Sa dá chás seo caithfidh an Coiste Stiúrtha na sonraí riachtanacha a chur ar fáil don Roinn **sé mhí ar a laghad roimh ré.**

(d) Ní bheidh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta sásta aitheantas a thabhairt do bhunú Coláiste Gaeilge nua má fheictear di go bhfuil freastal cuí á dhéanamh ar an gceantar sin cheana féin.

(e) Ní thabharfar aitheantas do chúrsa muna mbíonn ar a laghad dáréag scoláire ar na rollaí.

6. An Ghaeilge

(a) Ba chóir don Phríomhoide agus don fhoireann teagaisc deimhin a dhéanamh de gurb í an Ghaeilge teanga chaidrimh an chúrsa, agus seifteanna a cheapadh a chinnteoidh go bhfuil an Ghaeilge á húsáid i gcónaí ag na daltaí le linn an chúrsa, sa seomra ranga, taobh amuigh de agus sna tithe lóistín. Moltar d'údaráis an choláiste, faoi stiúir an phríomhoide agus i gcomhpháirt leis an bhfoireann teagaisc measúnú a dhéanamh ar éifeacht an chúrsa mar thaca d'fhorbairt agus d'fheabhsú na seirbhíse a chuirtear ar fáil. Ba chóir d'údaráis an Choláiste a bheith sásta go mbíonn an Ghaeilge in úsáid i gcónaí mar theanga teaghlaigh sna tithe lóistín a earcaíonn an Coláiste do na daltaí sa Ghaeltacht.

(b) Níor chóir a ghlacadh ar aon chúrsa ach daltaí a bhfuil oiread Gaeilge aige/aici is a chuirfidh ar a c(h)umas tairbhe shásúil a bhaint as an gcúrsa

(c) Ba chóir na ranganna a bheith eagraithe de réir chumas Gaeilge na ndaltaí.

7. Eagrú na gCúrsaí

(a) Caithfidh Coiste Stiúrtha an Choláiste oide lánoilte a fhostú in aghaidh gach cúigear is fiche dalta dá mbeidh ar chúrsa. ~~Moltar, ach amháin i gcásanna eisceachtúla, gan dul thar an uaslíon de chúigear is fiche dalta i rang ar bith.~~ Is é ~~tríocha~~ 25 an líon daltaí is mó a cheadófar in aon rang. Má fhostaíonn an Coláiste múinteoirí nach bhfuil lánoilte d'fhéadfaí aitheantas na Roinne a chailleadh.

(b) Caithfidh an Coiste Stiúrtha duine de na hoidí atá fostaithe a ainmniú mar phríomhoide. Sa chás nach n-ainmnítear oide mar phríomhoide, nó nach bhfuil an t-oide a ainmnítear láncháilithe mar phríomhoide, ní thabharfar aon aitheantas don chúrsa.

(c) Caithfidh gach ball den fhoireann teagaisc seirbhís leanúnach a thabhairt ó lá tosaithe an chúrsa. Ní cheadófar ionadaí a cheapadh ach amháin i gcás eisceachtúil (tinneas oide, mar shampla) agus caithfidh an t-ionadaí a bheith cáilithe faoi na coinníollacha atá luaite ag 10(a) agus (b). Maidir le cúrsaí Aicme A, sa chás nach bhfuil an t-ionadaí cáilithe mar oide, ní aithneoidh an Roinn Oideachais agus Scileanna saothar an ionadaí le haghaidh táillí teagaisc.

8. Clár Ama

(a) I gcás Aicme A, is gá ~~3 uair an chloig de theagaisc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus 2 uair an chloig a chaitheamh ar imeachtaí nios déanaí sa lá.~~ 35 uair an chloig sa tseachtain de ghníomhaíochtaí foghlama a chur ar siúl. Ba chóir go gcaithfí ar a laghad 20 uair an chloig díobh seo ar theagasc foirmiúil teanga. Ba chóir do na ranganna foirmiúla tarlú ar maidin agus, nuair a bhíonn siad á ndearadh agus á gcur i láthair, ba chóir aird a thabhairt ar na treoirlínte a bheidh á soláthar ó am go chéile ag an gComhairle Mhúinteoireachta i gcomhairle le soláthróirí na gclár oideachas tosaigh do

mhúinteoirí. Is ar ghnéithe ábhartha den churaclam bunscoile is cóir an 15 uair an chloig eile de ghníomhaíochtaí foghlama a bhunú.

(b) I gcás Aicme B agus Aicme C, is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus 1.5 uair ar a laghad a chaitheamh ar imeachtaí eagraithe faoi stiúir na n-oidí san iarnóin. Caithfear na himeachtaí seo a eagrú ionas go mbeidh éagsúlacht agus cothromaíocht eatarthu agus go mbeidh cumas cumarsáide na ndaltaí á chothú lena linn. Sa chomhthéacs seo, ba cheart maolú a dhéanamh ar an obair scríofa. Ní mór a chinntiú go bhfuil gach mac léinn páirteach san éagsúlacht imeachtaí a eagraítear.

Ní mór a chinntiú go mbeidh **oidí i láthair agus páirteach** sna himeachtaí san iarnóin. Is den tábhacht é nach mbeadh na scoláirí faoi chúram iomlán ardchinnire nó cúntóir áitiúil ag am ar bith.

(c) I gcás Aicme D is gá 2.5 uair de theagasc foirmiúil (gan am sosa san áireamh) a dhéanamh ar maidin agus 2 uair a' chloig ar a laghad a chaitheamh ar na h-imeachtaí eagraithe iarnóna. Sa chás go bhfuil imeachtaí eagraithe oíche á n-áireamh mar chuid den íoslíon riachtanach de 12 seisiún, ní mór fad de 2 uair a' chloig ar a laghad a bheith sna seisiúin seo.

(d) I gcás Aicme B, C, D, sa teagasc foirmiúil maidine, ní cóir níos mó ná uair a' chloig a leagan amach do cheacht ná do léacht ar bith.

(e) Is san iarnóin nó san oíche a mhúinfear buíonchantaireacht agus Ceol. Is féidir feidhm a bhaint as sciar cuí den am teagaisc fhoirmiúil chun focail agus foinn na n-amhrán a theagasc do gach rang faoi seach. **Ní cheadófar ceacht ceoil/cantaireachta mar chuid den teagasc foirmiúil maidine.**

(f) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna agus Oíche:</u>

I gcás Aicme A, ba chóir do na gníomhaíochtaí foghlama a bheith de réir na dtreoirlínte a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta, i gcomhairle le soláthróirí OTM, ar fáil ó am go chéile.

Meastar an oiread tábhachta a bheith ag baint leis an gcuid seo den chúrsa is a bhaineann leis an teagasc fhoirmiúil ar maidin. Beidh sé de dhualgas ar an bPríomhoide i gcomhar leis na hoidí agus na hardchinnirí (más ann dóibh) sraith d'imeachtaí oiriúnacha a leagan amach, an foclóir agus na cainteanna a bhaineann leo a mhúineadh, iad a eagrú i gceart agus iad a stiúradh d'fhonn deis a thabhairt do na daltaí an Ghaeilge a chleachtadh go nádúrtha lasmuigh den rang.

(i) <u>Imeachtaí Eagraithe Iarnóna</u>

I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá:

- Amhránaíocht;
- Ullmhúchán do chlaisceadal, do scoraíochtaí agus do chéilithe;
- Ceol uirlise;
- Tionscnaimh;
- Ealaín agus Ceardaíocht;
- Siúlóidí agus Turais, ach cuspóir cinnte a bheith leo;
- Cluichí (istigh agus amuigh);
- Lúthchleasaíocht;
- Seilgí;
- Tráth na gCeist;

agus,
• Fiche Ceist.

(ii) Imeachtaí Eagraithe Oíche
I measc na n-imeachtaí a d'fhéadfaí a eagrú tá:

- Ceithre chéilí ar a laghad a reáchtáil ar oícheanta i rith na seachtaine;
- Claisceadal;
- Miondrámaí;
- Scoraíochtaí agus araile.

(g) ~~Má chuirtear~~ Sa chás gur gá ranganna nó imeachtaí eagraithe a chur ar ceal ar chúis ar bith (m.sh. turas), ~~caithfear scéala a chur chuig an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Galetachta ina thaobh láithreach bonn.~~ ba chóir na socruithe cuí a dhéanamh chun na huaireanta teagmhála sin a chúiteamh leis na mic léinn. Ba chóir na páirtithe leasmhara a chur ar an eolas faoi na socruithe nua, institiúidí ardoideachais, an Chigireacht, san áireamh.

(h) Ceadófar turas nó dhó le linn cúrsa ag brath ar an aimsir má fhógraítear a leithéid roimh ré mar chuid den chúrsa agus go mbíonn raon imeachtaí eagraithe mar chuid de.

9. Foirmeacha Oifigiúla

Ní mór eolas cruinn iomlán i dtaobh an chúrsa a chur chuig an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta ar na foirmeacha thíosluaite. Is gá go gcuirfear foirm iarratais chomhlánaithe chun na Roinne mí ar a laghad roimh thosach an chúrsa.

(i) Foirm iarratais C.G. (a);
Sa chás nach bhfuil an fhoirm iarratais líonta i gceart, cuirfear ar ais í i gcomhair a leasaithe. Ní mór a dhearbhú go bhfuil *Treoirlínte agus Cur Chuige um Chaomhnú Páistí* á gcomhlíonadh.

(ii) Clár oibre an chúrsa C.G. (b);
Sa chás nach bhfuil clár oibre an chúrsa sách iomlán, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

(iii) An fhoireann teagaisc C.G. (c);
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fáil maidir leis an bhfoireann teagaisc, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

Sa chás go bhfuil oide á fhostú nach raibh cláraithe ar liosta na n-oidí a cuireadh chun na Roinne i dtús báire, ní mór scéal dá réir, maraon le sonraí an oide sin a chur chun na Roinne roimh thosach an chúrsa. (e-phost: colaistigaeilge@ahg.gov.ie)

Sa chás go mbeidh aon athrú ar an bhfoireann le linn cúrsa, ní mór scéal dá réir a chur ***i scríbhinn*** chun na Roinne láithreach. (e-phost: colaistigaeilge@ahg.gov.ie)

(iv) Eagrú na Ranganna C.G. (d);
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fáil, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe.

(v) Clár Ama C.G. (e).
Sa chás nach bhfuil dóthain eolais curtha ar fail, cuirfear an fhoirm iarratais ar ais i gcomhair a leasaithe. Má dhéantar aon athrú ba chóir sonraí cuí a chur i scríbhinn chun na Roinne láithreach bonn.

10. <u>Cáilíochtaí na n-Oidí</u>

(a) Ní mór an tAire ~~Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta~~ Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, agus, maidir le cúrsaí a chuirtear ar fáil faoi Aicme A, an Chomhairle Mhúinteoireachta agus na hinstitiúidí ardoideachais a shásamh maidir le cáilíochtaí na n-oidí atá le bheith i mbun an chúrsa. Chuige sin, ní mór ardchumas a bheith acu i labhairt agus i scríobh na Gaeilge (.i. Gaeilge líofa), taithí mhaith a bheith acu ar mhúineadh na Gaeilge agus dea-theist a bheith orthu mar mhúinteoirí. I gcás Aicme A, caithfidh ceann de na cáilíochtaí (i) - (iv) thíos a bheith ag gach oide:-

(i) Oiliúint mar **oide bunscoile agus tréimhse phromhaidh shásúil** a bheith bainte amach;

(ii) **An Teastas i dTeagasc na Gaeilge** (T.T.G.)
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach

(iii) Céim ollscoile **le Gaeilge** mar cheann de na príomhábhair
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach,

(iv) **Láncháilíocht mar oide** agus ardchumas sa Ghaeilge i.e. Gaeilge líofa.
agus
tréimhse shásúil phromhaidh mar mhúinteoir a bheith curtha isteach

Ní mór feasta Uimhir Thuarastail an oide a thabhairt ar Fhoirm C.G.(c). Sa cholún *"Cáilíochtaí i nGaeilge"* ar an bhfoirm chéanna is é atá á lorg ná uimhir na míre sna Rialacha seo faoina bhfuil an t-oide cáilithe mar mhúinteoir i gColáiste Samhraidh (mar shampla, "**Mír 10(a)(iv)**").

(b) An té a bheadh le ceapadh mar oide do chúrsa Aicme A, ba chóir go mbeadh ardcháilíocht i nGaeilge agus ardchumas i labhairt agus i scríobh na teanga aige/aici. Is inmhianaithe é go mbeadh taithí aige/aici mar mhúinteoir bunscoile agus/nó eolas oibre maith aige/aici ar Churaclam Bunscoile na Gaeilge

(c) Ní miste aitheantas coinníollach mar oide i gColáiste Gaeilge a cheadú do scoláire a chaith tréimhse shásúil mar ardchinnire agus a bhfuil an scrúdú don chéim B Ed déanta aige/aici ach nach bhfuil toradh an scrúdaithe sin ar fáil go fóill. Déanfaidh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta gach cás a mheas ann féin.

(d) Ní thabharfar aitheantas do shaothar oide nach bhfuil cáilithe.

11. Ardchinnirí

(a) Glacfar le hoidí nó le daoine nach oidí iad ach a bhfuil Gaeilge an-mhaith acu mar ardchinnirí faoi stiúradh an Príomhoide i mbun imeachtaí iarnóna agus oíche. Ceadófar ar a mhéad ardchinnire amháin do gach cúigear scoláirí is fiche.

(b) Cáilíochtaí: Beidh na hardchinnirí os cionn l8 bliain d'aois ar 1 Iúl bliain an chúrsa nó beidh siad os cionn 17 bliain d'aois agus scrúdú na hArdteistiméireachta déanta acu faoin dáta céanna. Cainteoirí líofa Gaeilge a bheidh iontu nó beidh tréimhsí caite acu mar dhaltaí i gColáiste Gaeilge. Beidh tuiscint acu do dhaoine óga. Beidh cumas iontu chun comhoibriú leis an bPríomhoide agus leis an bhfoireann teagaisc chun imeachtaí oiriúnacha a eagrú agus chun maoirseacht a dhéanamh ar dhaoine óga. Tá sé inmhianaithe go mbeadh saineolas acu ar ghnéithe áirithe de chaitheamh aimsire na ndaltaí, mar shampla ceol, rincí, cluichí, snámh agus araile.

(c) Dualgais: Cuirfear cúraimí orthu a bhaineann le forbairt Ghaeilge na ndaltaí in imeachtaí lasmuigh den rang. (Féach Riail 8(f)).

(d) Ba chóir sonraí faoi na hArdchinnirí a thabhairt ar rolla ar leith.

(e) Moltar go mbeidh Ardchinnire amháin in aghaidh gach 25 mac léinn a bhíonn ar rollaí an choláiste.

(f) Ba chóir eolas iomlán i leith ardchinnirí a chur ar fáil maraon leis an bhfoirm iarratais.

(g) **Cuntóirí Áitiúla**
Is gnó do na Coláistí féin é, cúntóirí a cheapadh i.e. daoine áitiúla faoi bhun 17 bliain d'aois chun cabhrú le forbairt na hoibre. Glacfar le Cúntóirí Áitiúla faoi Scéim na bhFoghlaimeoirí Gaeilge atá os cionn 15 bliain d'aois, nó a bhfuil an Teastas Sóisearach comhlánaithe acu agus an Roinn sásta gurb í an Ghaeilge a ghnáth theanga baile. Cúntóir amháin in aghaidh gach 20 mac léinn a bheidh i gceist. Ní bheidh aon tionchar ag an socrú seo ar na hArdchinnirí atá inghlactha cheana faoin scéim. Moltar do choláistí ceangal láidir a fhorbairt idir óige na Gaeltachta agus na Foghlaimeoirí le linn cúrsaí agus ina dhiaidh sin.

12 An Príomhoide

Ní mór príomhoide cáilithe a ainmniú do gach cúrsa. Sa chás nach bhfuil príomhoide cáilithe i mbun cúrsa, ní thabharfar aon aitheantas don chúrsa san.

(a) Cáilíochtaí

(i) Oide lán-cháilithe [Féach Alt 10] agus ardchumas i labhairt agus i scríobh na Gaeilge aige/aici. Caithfidh sé/sí an promhadh a bheith aige/aici, agus is inmhianaithe é go mbeadh taithí cúig bliana múinteoireachta aige/aici in earnáil an bhunoideachais. Ba chóir go mbeadh, ar a laghad, an-chur amach aige/aici ar Churaclam Bunscoile na Gaeilge.

(ii) Taithí mhaith aige/aici ar an obair i gcoitinne i gColáistí Gaeilge agus teist an-mhaith air/uirthi mar oide iontu;

(iii) Cumas maith riaracháin ann/inti;

(iv) Bheith in ann comhoibriú go maith le lucht údaráis, oidí, tuismitheoirí, mná tí agus leis an bpobal i gcoitinne.

(b) **Dualgais an Phríomhoide**:

(i) Imeachtaí an chúrsa ina iomláine a eagrú;

(ii) Na ranganna a eagrú i gcomhar leis na hoidí eile;

(iii) Clár oibre ginearálta an chúrsa a leagan amach ar an bhfoirm chuí;

(iv) A chinntiú go bhfuil scéim oibre do gach rang ar leith a thagann le plean ginearálta an chúrsa ullmhaithe ag gach oide maille le hullmhúchán gearrthréimhseach oiriúnach;

(v) Maoirseacht chóir a dhéanamh ar obair na n-oidí agus cabhair agus treoir a thabhairt i gcúrsaí teagaisc;

(vi) Féachaint leis an bhfeidhm is fearr a bhaint as an bhfoireann teagaisc;

(vii) Seifteanna a cheapadh i gcomhar leis na hoidí le go mbeidh an Ghaeilge in úsáid agus a chur chun cinn in imeachtaí uile an chúrsa agus sna tithe lóistín;

(viii) Comhdháil leis na hoidí a thionól roimh thosach an chúrsa chun eagrú na hoibre, ullmhúchán, achmhainní agus áiseanna léirithe, deacrachtaí agus araile a phlé agus a chinntiú go bhfuil gach ball den fhoireann ag cur plean ginearálta an choláiste i bhfeidhm;

(ix) Dul chun cinn na ndaltaí a mheas;

(x) Féachaint chuige go dtugtar a chothrom ceart go gach gné den chúrsa;

(xi) Maoirseacht a dhéanamh ar na mic léinn - mar shampla iompar agus béasaíocht, freastal rialta ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile, poncúlacht, sábháilteacht agus araile;

(xii) Deimhin a dhéanamh de go gcoiméadtar na Rollaí de réir Rialachán na Roinne;

(xv) A chinntiú go mbaintear úsáid lánéifeachtach sa teagasc as fearas agus áiseanna closamhairc, obair bheirte, obair ghrúpa agus an cur chuige cumarsáideach;

(xvi) Monatóireacht a dhéanamh ar an tseirbhís a chuireann na tithe lóistín ar fáil do na mic léinn agus don choláiste agus cuairteanna rialta a eagrú ar na tithe.

13. Rollaí

Cuirfear Foirm Oifigiúil Rollaí amach ach iarratas a fháil ón gCoiste Stiúrtha. Mura gcláraítear tinrimh de réir na dtreoracha a thugtar ar an rolla ní áireofar na tinrimh sin.

14. Dúnadh de dheasca cúise do-sheachanta

Má dhúntar Coláiste de dheasca galair thógálaigh nó de dheasca cúise do-sheachanta eile, caithfear an tAire a shásamh faoi thosca an dúnta.

15. Feidhm an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Féadfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta oifigigh a chur chun fiosrú a dhéanamh ar na ranganna agus ar na himeachtaí eile am ar bith le linn an chúrsa.

(b) Ar iarratas ón Aire déanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna clár cigireachta a reáchtáil i sampla de na Coláiste Gaeilge ar bhonn bliantúil le fiúntas an tsoláthar sna Coláistí a chinntiú agus comhairle a chur ar an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta dá réir.

(c) Má fhágtar aon cheann de na Rialacháin gan chomhlíonadh, is féidir go dtarraingeofaí siar aitheantas agus nach n-íocfaí aon chúnamh Stáit don Choláiste mar thoradh air seo. Tabharfar rabhadh san am céanna nach dtabharfar aitheantas amach anseo má bhíonn an scéal amhlaidh arís.

(d) Déanfar teagmháil leis an gCoiste Stiúrtha má tá soiléiriú ag teastáil ón Roinn i gcás aon ní a bhaineann le hobair an choláiste le linn na gcúrsaí nó ina ndiaidh. Cuirfidh an Coiste Stiúrtha eolas ar fáil gan mhoill de réir mar is gá.

16. Comhfhreagras leis an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta

(a) Is gá cóip de gach foirm C.G. (a - e) a sheoladh chun na Roinne.

(b) Má's gá aon athrú a dhéanamh ar an eolas atá tugtha sna foirmeacha seo roimh dháta tosaithe an chúrsa, ní mór é seo a chur in iúl don Roinn **i scríbhinn** a luaithe agus is féidir.

(c) Iarrtar ar údaráis na gColáistí an rolla a sheoladh ar ais chun na Roinne ag deireadh an chúrsa.

(d) Iarrtar ar údaráis na gColáistí an fhoirm ar Shaoire Bhreise Phearsanta a sheoladh chuig an Roinn Oideachais agus Scileanna (Rannóg Rialachais Scoileanna Bunbhrainse, Corr na Madadh, Áth Luain, Co. na hIarmhí).

(e) Is ceart comhfhreagras a sheoladh chuig: *colaistigaeilge@ahg.gov.ie*

An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
Na Forbacha
Co. na Gaillimhe
091 503700

Aguisín 1

I gcomhpháirt leis na páirtithe leasmhara, déanann An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta athbhreithniú go rialta faoina thugtar aitheantas do na Coláistí Gaeilge.

Iarrtar ar Choiste Stiúrtha gach coláiste Cód Iompair Daltaí a chur ar fáil i bhfoirm scríofa agus daltaí agus a dtuistí/gcaomhnóirí a chur ar an eolas faoina bhfuil leagtha síos ann agus é a bheith ar fáil le hiniúchadh sa choláiste.

Más gá, de bharr cúinsí tromchúiseacha foghlaimeoir(í) a chur abhaile roimh dheireadh cúrsa de bharr drochiompair, briseadh Riail na Gaeilge, nó ar chúis ar bith eile, ba cheart i ngach cás an cinneadh a dhéanamh le daonnacht agus le tuiscint don dalta agus dá t(h)uistí c(h)aomhnóirí.

Ar mhaithe leis na bunphrionsabail oscailteacht agus cothrom na Féinne a chinntiú, ba cheart go mbeadh nós imeachta maidir le hachomharc ina chuid den chód smachta agus é bheith i scríbhinn. Mar chuid den nós imeachta san déanfar gach iarracht dul i gcomhairle le tuiste/caomhnóir an scoláire roimh ré agus tabharfar deis don scoláire labhairt lena t(h)uiste/c(h)aomhnóir sula ndéanfar cinneadh dalta a dhíbirt ó choláiste Gaeilge.

Beidh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh dá leithéid agus beidh deis cheart ag an dalta a t(h)aobh féin den scéal a chur i láthair sula ndéanfar an cinneadh.

Tuigtear gur den riachtanas é i dtaca le héifeacht agus eagar na gColáistí gur ceadmhach foghlaimeoirí a chur abhaile de bharr tarlóga tromchúiseanna áirithe. Níl sé i gceist bac a chur ar choiste stiúrtha scoláire a dhíbirt nuair is gá sin a dhéanamh. Níl sé i gceist ach an oiread moill gan ghá a chur ar an bpróiseas atá leagtha síos ag an gcoláiste maidir le scoláire a dhíbirt; ceaptar gur féidir an córas achomhairc uile mar atá sonraithe a chur i bhfeidhm taobh istigh de lá amháin.

Moltar céimeanna mar seo a leanas sa phróiseas a bheidh i gceist feasta:

- Go mbeadh beirt ar a laghad de lucht údaráis an choláiste páirteach i ngach cinneadh maidir le scoláire a dhíbirt roimh dheireadh cúrsa
- Go gcuifí in iúl don dalta go bhfuil sé curtha ina leith go bhfuil sárú déanta aige/aici ar na rialacha
- Go luafaí an riail/na rialacha atá i gceist agus na himpleachtaí a ghabhann leis an sárú
- Go gcaithfí a chinntiú gur thuig an dalta ábhar an ghearáin a bhí á dhéanamh
- Go dtabharfaí deis don dalta labhairt leis an tuiste/caomhnóir go príobháideach sa chás go bhfuil teacht ar an tuiste/caomhnóir
- Go dtabharfaí deis don dalta a t(h)aobh féin den scéal a insint agus go gcuirfí in iúl don dalta go raibh cead aige/aici labhairt i dteanga eile seachas Gaeilge dá mb'fhearr leis/léi.
- Go ndéanfadh an Coláiste gach iarracht dul i dteagmháil leis an tuiste/caomhnóir agus an scéal a insint
- Sa chás go dteastódh ón tuiste a bheith i láthair nuair a bheadh an scéal á phlé leis an dalta go bhfáilteofaí roimh a leithéid fad is nach gcuirfí moill ar an bpróiseas
- Go gcuirfí an cinneadh in iúl don dalta agus don tuiste
- Sa chás nach bhfuil an tuiste/caomhnóir i láthair, go ndéanfaí socruithe oiriúnacha chun an dalta a thionlacan abhaile má tá díbirt i gceist
- Go gcuirfí in iúl don tuiste/caomhnóir na socruithe maidir leis an dalta a chur abhaile
- Nach gcuirfí dalta abhaile gan tionlacaí de chuid an Choláiste.

Aithnítear go mbeidh corrchás ann nuair a bheidh cúrsaí slándála agus sábháilteachta go mór i gceist mar chosaint don scoláire féin agus na scoláirí eile agus nach mbeidh aon rogha ag an gColáiste ach an dalta a dhíbirt gan dul tríd an bpróiseas thuasluaite go hiomlán. Bheifí ag súil nach dtarlódh sé seo ach i dtosca an-eisceachtúla ar fad.

I ngach cás ina gcuirtear scoláire abhaile de bharr sárú rialacha, iarrtar ar an gcoiste stiúrtha tuairisc ghonta a chur ar fáil don Roinn ina leith.

Déanfar tagairt do na nithe seo a leanas sa tuairisc:

- Ainm an dalta;
- An Riail a sáraíodh agus cathain;
- An teagmháil a rinne an scoláire agus an Coláiste leis an tuiste/caomhnóir;
- An dáta ar cuireadh an scoláire abhaile agus na socruithe a rinneadh ina leith;

Beidh an Roinn buíoch as bhur gcomhoibriú leis na socruithe thuasluaite agus táthar ag súil leis go mbeidh dea-thoradh ar bhur saothar arís i mbliana.